BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Chéad Dlísheomra)

16 Iúil 2026 *

(Tarchur chun réamhrialú – Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh – Ceart chun leigheas éifeachtach a fháil – Infheidhmeacht – Reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear do shásra dliteanais chomhpháirtigh agus leithligh stiúrthóra cuideachta maidir le híocaíocht na cánach breisluacha (CBL) atá dlite ag an gcuideachta sin – Éifeacht cheangailteach a ghabhann leis na cinntí fíorais agus leis na haicmithe dlíthiúla atá sa mheasúnú CBL críochnaitheach – Cumhacht an stiúrthóra agóid a dhéanamh, go teagmhasach, i gcoinne an mheasúnaithe sin arna fhógairt don chuideachta sin – Urraim do chearta na cosanta)

I gCás C-158/25,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ó Cour de cassation du Grand-Duché de Luxembourg (Lucsamburg), trí bhreith an 20 Feabhra 2025, a fuarthas ag an gCúirt an 21 Feabhra 2025, sna himeachtaí

QJ

v

Administration de l'enregistrement, des domaines et de la TVA (AEDT),

État du Grand-Duché de Luxembourg,

tugann AN CHÚIRT (an Chéad Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: F. Biltgen, Uachtarán Dlísheomra, T. von Danwitz, Leas-Uachtarán na Cúirte, ag feidhmiú mar Bhreitheamh den Chéad Dlísheomra, A. Kumin, S. Gervasoni agus M. Bošnjak (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: L. Medina,

Cláraitheoir: C. Di Bella, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 4 Nollaig 2025,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– QJ, ag N. Le Gouellec agus Y. Prussen, avocats,

* Teanga an cháis: an Fhraincis.

– Rialtas Lucsamburg, ag A. Germeaux agus T. Schell, i gcáil Gníomhairí, le cúnamh ó F. Gabaudan agus A. Moro, avocats,

– Rialtas na Spáinne, ag M. Morales Puerta agus A. Pérez-Zurita Gutiérrez, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na Polainne, ag B. Majczyna, D. Lutostańska, B. Rogowska-Rajda agus J. Sawicka, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag P. Carlin, M. Herold agus F. Moro, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 5 Márta 2026,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú ar Airteagal 47 agus ar Airteagal 51(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (‘an Chairt’).

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir, ar thaobh amháin, QJ, duine nádúrtha, agus, ar an taobh eile, Administration de l’enregistrement, des domaines et de la TVA (an tÚdarás um Chlárú, Tailte agus CBL, Lucsamburg) (AEDT) agus État du Grand-Duché de Luxembourg (Stát Ard-Diúcacht Lucsamburg) (Lucsamburg) maidir le cinneadh glao ráthaíochta a glacadh i gcoinne QJ chun cáin bhreisluacha (CBL) a bhí dlite ag cuideachta ar stiúrthóir í QJ a aisghabháil.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais Eorpaigh

An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh

3 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 325(1) CFAE:

‘Déanfaidh an tAontas [Eorpach] agus na Ballstáit calaois agus aon ghníomhaíochtaí neamhdhlíthiúla eile a dhéanann díobháil do leasanna airgeadais an Aontais a chomhrac trí bhearta a ghlacfar i gcomhréir leis an Airteagal seo agus a bheidh mar chosc agus a thabharfaidh cosaint éifeachtúil sna Ballstáit agus in institiúidí, i gcomhlachtaí, in oifigí agus i ngníomhaireachtaí an Aontais.’

An Chairt

4 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 47 den Chairt, dar teideal ‘An ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a fháil’:

‘Tá ag gach duine a ndéantar a chearta nó a cearta agus a shaoirsí nó a saoirsí, arna ráthú le dlí an Aontais, a shárú, an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil os comhair binse i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos san Airteagal seo.

Tá gach duine i dteideal éisteacht chóir phoiblí a fháil laistigh de thréimhse réasúnta ó bhinse neamhspleách neamhchlaon arna bhunú roimh ré le dlí. Beidh an chaoi ag gach duine go ndéanfar é nó í a chomhairliú, a chosaint agus a ionadú.

Déanfar cúnamh dlíthiúil a chur ar fáil dóibh siúd nach bhfuil acmhainní leordhóthanacha acu a mhéad is gá an cúnamh sin chun rochtain éifeachtach ar an gceartas a áirithiú.'

5 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 51 den Chairt, dar teideal 'Raon feidhme':

'Tá forálacha na Cairte seo dírithe ar institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais le hurraim chuí do phrionsabal na coimhdeachta, agus ar na Ballstáit an tráth a gcuireann siad dlí an Aontais chun feidhme, agus an tráth sin amháin. Dá dheasca sin, tabharfaidh siad aird ar na cearta, déanfaidh siad na prionsabail a urramú agus cuirfidh a gcur i bhfeidhm chun cinn i gcomhréir lena gcumhachtaí faoi seach agus na teorainneacha atá ar chumhachtaí an Aontais mar atá siad tugtha dó sna Conarthaí á n-urramú acu.

2. Ní dhéanann an Chairt seo raon feidhme dhlí an Aontais a fhorleathnú thar chumhachtaí an Aontais ná aon chumhacht ná aon chúram nua a bhunú don Aontas, ná cumhachtaí agus cúraimí atá sainithe sna Conarthaí a mhodhnú.'

Treoir 2006/112/CE

6 Leagann Airteagal 2(1) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle, an 28 Samhain 2006, maidir leis an gcóras comhchoiteann cánach breisluacha (IO 2006 L 347, lch. 1), síos na hoibríochtaí atá faoi réir CBL.

7 Foráiltear mar seo a leanas leis an gcéad mhír d'Airteagal 273 den Threoir sin:

'Féadfaidh Ballstáit oibleagáidí eile a fhorchur, ar oibleagáidí iad a mheasann siad a mbeidh gá leo chun bailiúchán ceart CBL a áirithiú agus chun imghabháil a sheachaint, faoi réir an cheanglais maidir le cóir chomhionann amhail idir idirbhearta intíre agus idirbhearta a dhéantar idir Ballstáit ag daoine inchánacha agus ar choinníoll nach n-eascraíonn foirmiúlachtaí a bhaineann le trasnú teorainneacha as na hoibleagáidí sin maidir le trádáil idir Ballstáit.'

[Aistriúchán neamhoifigiúil]

Dlí Lucsamburg

8 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 67-1 de Dhlí an 12 Feabhra 1979 maidir le cáin bhreisluacha (*Mémorial* A 1979, lch. 189), arna leasú le Dlí an 23 Nollaig 2016 lena gcuirtear chun feidhme athchóiriú cánach 2017 (*Mémorial* A 2016, lch. 5139) ('LTVA'):

'Tá sé de dhualgas ar na stiúrthóirí bainistíochta, ar na bainisteoirí, agus ar aon stiúrthóir *de jure* nó *de facto* a bhíonn páirteach i mbainistíocht laethúil na ndaoine inchánacha i leith [CBL], a chinntiú go gcomhlíontar na hoibleagáidí dlíthiúla a leagtar síos sa dlí seo, agus go háirithe go n-íoctar an [CBL] atá dlite as na hacmhainní airgeadais a mbíonn siad freagrach as a mbainistiú.'

9 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 67-2 den Dlí sin:

'Beidh stiúrthóirí bainistíochta, bainisteoirí agus aon stiúrthóir *de jure* nó *de facto* a bhíonn páirteach i mbainistíocht laethúil faoi dhliteanas pearsanta, comhpháirteach agus leithleach an [CBL] atá dlite a

íoc i gcás, mar thoradh ar mhainneachtain éagórach a n-oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh, nár comhlíonadh na hoibleagáidí dlíthiúla a fhorchuirtear leis an Dlí seo ar na daoine atá faoi dhliteanas i leith [CBL] a bhainistíonn siad nó nár íocadh an CBL atá dlite trí na hacmhainní airgeadais a bhainistíonn siad.'

10 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 67-3(1) den Dlí sin:

'I gcás mainneachtain éagórach na n-oibleagáidí dlíthiúla atá ar stiúrthóirí bainistíochta, bainisteoirí agus aon stiúrthóir *de jure* nó *de facto* a bhíonn páirteach i mbainistíocht laethúil, féadfaidh Stiúrthóir an Údaráis um Chlárú agus Tailte nó a ionadaí cinneadh glao ráthaíochta a eisiúint i gcoinne na ndaoine sin. Leis an gcinneadh sin, tugtar an ceart don údarás an CBL atá dlite ag na daoine atá faoi dhliteanas maidir le híocaíocht [CBL] a aisghabháil ó na daoine sin.'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

11 An 17 Márta 2018, d'eisigh an AEDT dhá mheasúnú CBL i leith chuideachta VN, ceann amháin don bhliain 2014 agus ceann eile do na blianta 2015 agus 2016. Dearbhaíodh go raibh an chaingean a thionscain an chuideachta sin i gcoinne na measúnuithe sin do-ghlactha toisc gur cuireadh isteach go déanach é. Ina dhiaidh sin, theip ar chuideachta VN na méideanna CBL a bhí dlite do na blianta 2014 go 2016 a íoc.

12 Ón 22 Aibreán 2013 go dtí an 15 Feabhra 2019, bhí an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí ina stiúrthóir ar an gcuideachta VN a bhí freagrach as bainistiú laethúil na cuideachta sin. An 16 Bealtaine 2019, sheol AEDT cinneadh maidir le glao ráthaíochta chuige, bunaithe ar Airteagail 67-1 go 67-3 den LTVA ('an sásra glao ráthaíochta atá i gceist'), lenar cuireadh de cheangal air, ina cháil mar stiúrthóir a bhí freagrach as bainistiú laethúil na cuideachta VN idir an bhliain 2013 agus an bhliain 2019, na méideanna CBL a bhí fós le híoc.

13 Tar éis do stiúrthóir AEDT an gearán a thionscain sé i gcoinne an chinnidh glao ráthaíochta a dhiúltú, thionscain an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí caingean os comhair tribunal d'arrondissement de Luxembourg (an Chúirt Dúiche, Lucsamburg) ag iarraidh go ndéanfaí an cinneadh sin a athrú, nó mura féidir sin, é a chur ar neamhní. Dhíbh an chúirt sin an chaingean a thionscain an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí le breithiúnas ar sheas an Cour d'appel (an Chúirt Achomhairc, Lucsamburg) leis.

14 Agus í ag éisteacht leis an achomharc a thionscain an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí, tugann Cour de cassation du Grand-Duché de Luxembourg (an Chúirt um Achomharc Deiridh, Lucsamburg), arb í an chúirt a rinne an tarchur í, faoi deara go raibh an t-iarratasóir tar éis a mhaíomh, os comhair na cúirte achomhairc, nach raibh fiach cánach ag cuideachta VN. Go háirithe, mhaígh sé, mar dhuine a raibh sé de dhualgas air ráthaíocht a thabhairt maidir le híocaíocht na measúnuithe cánach a eisíodh i gcoinne na cuideachta a raibh sé ina stiúrthóir uirthi,, go raibh leigheas dlí ar fáil dó i bhfoirm imeachtaí tríú páirtí, agus go raibh na himeachtaí sin fós inghlactha ós rud é nár seoladh na measúnuithe sin chuige go pearsanta. Dar leis an iarratasóir sna príomhimeachtaí, tá diúltú cead a thabhairt dó caingean a thionscnamh ina ainm féin ar neamhréir le hAirteagal 47 den Chairt.

15 Dhiúltaigh an chúirt achomhairc d'argóintí an iarratasóra sna príomhimeachtaí ar an bhforas, in éagmais caingean arna tionscnamh go bailí ag VN laistigh de na teorainneacha ama reachtúla, go raibh na measúnuithe CBL tagtha chun bheith críochnaitheach agus nach bhféadfaí amhras a chaitheamh orthu a thuilleadh.

16 De réir na cúirte achomhairc sin, níl aon fhoráil ann a cheadaíonn do dhuine atá faoi réir glao ráthaíochta leigheas dlí a fháil i gcoinne an mheasúnaithe CBL arna fhógairt i leith an phríomhdhuine inchánach. Ós rud é go raibh an measúnú sin críochnaitheach faoin am sin, ní fhéadfadh an stiúrthóir, a raibh glao ráthaíochta air, agóid a dhéanamh ina choinne go teagmhasach i gcomhthéacs na n-imeachtaí íocaíochta ina choinne. Ar an gcéad dul síos, is é an duine ar glaodh an ráthaíocht ina leith an duine céanna a rinne ionadaíocht ar an duine dlítheanach le linn an nós imeachta chun an láimhdeachas inchánach a chinneadh agus, ar an dara dul síos, bhí sé de dheis aige, sa cháil sin, páirt a ghlacadh sa nós imeachta sin agus leas a bhaint as leigheas dlí i gcoinne an mheasúnaithe *ex officio*. Ós rud é nach raibh stádas duine inchánach chun críocha CBL ag an iarratasóir sna phríomhimeachtaí é féin, ní raibh oibleagáid ar AEDT na measúnuithe CBL a chur chuige go pearsanta ná é a thabhairt isteach mar pháirtí, sa cháil sin, sa nós imeachta measúnaithe *ex officio*, ós rud é go raibh deis aige páirt a ghlacadh ann ina cháil mar stiúrthóir agus gur cuireadh an chaingean a thionscain an chuideachta isteach go déanach.

17 Ina theannta sin, ós rud é go raibh an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí mar thríú páirtí i leith an nós imeachta measúnaithe CBL *ex officio*, ní raibh sé i dteideal sáruithe féideartha ar chearta bunúsacha a eascraíonn as an nós imeachta sin a agairt, a bhí dírithe i gcoinne na cuideachta VN. Ní raibh na forálacha den dlí náisiúnta lena rialaítear an díospóid sna príomhimeachtaí, go háirithe Airteagail 67-1 agus na hailt ina dhiaidh sin den LTVA, ina gcur chun feidhme ar dhlí an Aontais, agus dá bhrí sin, de réir Airteagal 51 den Chairt, ní raibh Airteagal 47 di infheidhme.

18 I ndáil leis sin, tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, ar an gcéad dul síos, go dtagann na himeachtaí cánach a tugadh i gcoinne an iarratasóra sna príomhimeachtaí as mainneachtainí maidir le hoibleagáidí dlíthiúla i réimse an CBL, atá sé freagrach astu, mar a léirítear sa chinneadh glao ráthaíochta, ina cháil mar stiúrthóir atá freagrach as bainistiú laethúil na cuideachta VN. Sa chomhthéacs sin, fiafraíonn an chúirt sin an bhféadfadh feidhm a bheith ag an gcásdlí a eascraíonn as breithiúnas an 26 Feabhra 2013, *Åkerberg Fransson* (C-617/10, EU:C:2013:105), lena meastar go leanann sé ón Treoir 2006/112 go bhfuil dualgas ar gach Ballstát gach beart reachtach agus riaracháin is gá a ghlacadh chun bailiú iomlán an CBL atá dlite ar a chríoch a áirithiú agus chun calaois a chomhrac, maidir le sásra lena rialaítear dliteanas comhpháirteach agus leithleach stiúrthóirí cuideachta mar gheall ar neamhchomhlíonadh ciontach a n-oibleagáidí féin, agus maidir le híocaíocht an CBL atá dlite ag an gcuideachta a stiúrann siad, ionas gur cheart aitheantas a thabhairt d'infheidhmeacht Airteagal 47 den Chairt.

19 Ar an taobh eile, i gcás ina bhfuil Airteagal 47 den Chairt infheidhme, tugann an chúirt a rinne an tarchur faoi deara, ina breithiúnas an 9 Meán Fómhair 2021, *Adler Real Estate agus páirtithe eile* (C-546/18, EU:C:2021:711), gur thuig an Chúirt ó Airteagal 47 nach féidir a mheas go raibh duine nádúrtha, a bhí faoi réir imeachtaí ina dhiaidh sin, faoi cheangal ag éifeacht cheangailteach cinnidh a bhí tagtha chun bheith críochnaitheach, a rinneadh in imeachtaí roimhe seo i gcoinne duine dlítheanach, ina raibh an duine nádúrtha sin rannpháirteach ní mar pháirtí ach mar ionadaí an duine dhlítheanaigh sin amháin. Dá réir sin, i bhfianaise an bhreithiúnais sin, tá amhras ar an gcúirt sin an bhfuil sé riachtanach go mbeadh na stiúrthóirí cuideachta in ann, ar an gcéad dul síos, agóid a dhéanamh go teagmhasach i gcoinne an mheasúnaithe CBL arna fhógairt don chuideachta sin roimhe sin i gcomhthéacs imeachtaí i gcoinne an ghnímh riaracháin

lena mbunaítear a ndliteanas comhpháirteach agus leithleach; ar an dara dul síos, sáruithe féideartha ar chearta bunúsacha a rinneadh i gcomhthéacs an nós imeachta CBL *ex officio* a díríodh i gcoinne na cuideachta sin a agairt; agus, ar an tríú dul síos, a éileamh, ar bhonn pearsanta, go gcuirfí an measúnú CBL ar fáil dóibh nó go mbeadh siad páirteach, ar bhonn pearsanta, sa nós imeachta measúnaithe cánach.

20 Sna himthosca sin, chinn an Cour de cassation du Grand-Duché de Luxembourg (an Chúirt um Achomharc Deiridh, Lucsamburg) cosc a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais le haghaidh réamhrialú:

‘1. An bhfuil feidhm ag an gCairt [...], agus go háirithe Airteagal 47 di, i bhfianaise na gcritéar a leagtar síos sa chéad fomhír d’Airteagal 51 den Chairt, maidir le, faoin reachtaíocht náisiúnta, dliteanas comhpháirteach agus leithleach stiúrthóirí na cuideachta a rialáil, mar thoradh ar neamhchomhlíonadh éagórach a gcuid oibleagáidí, maidir le híocaíocht CBL atá dlite ag an gcuideachta arna stiúradh acu?

2. Má thugtar freagra dearfach ar an gcéad cheist, an bhfuil Airteagal 47 den Chairt le léiriú sa chaoi go dtugtar do stiúrthóirí is ábhar iad do ghlaoch ráthaíochta an cumas chun agóid a dhéanamh go teagmhasach, i gcomhthéacs imeachtaí atá ar fáil dóibh i gcomhréir le dlí náisiúnta i gcoinne an ghnímh riaracháin lena mbunaítear a ndliteanas comhpháirteach agus leithleach, i gcoinne an measúnaithe CBL *ex officio* arna fhógairt don chuideachta roimhe sin agus nár thug an chuideachta imeachtaí ina choinne in am trátha?

3. Má thugtar freagra dearfach ar an dara ceist, an bhfuil Airteagal 47 den Chairt le léiriú sa chaoi go gcuirtear teorainn ar na forais gur féidir na stiúrthóirí brath orthu i gcomhthéacs na himeachtaí teagmhasacha i gcoinne an measúnaithe CBL *ex officio* arna fhógairt don chuideachta inchánach nó go n-áirítear gach foras, lena n-áirítear na forais maidir leis an dliteanas [TVA] CBL, amhail na cinntí fíorais as ar eascair an cinneadh riaracháin cánach *ex officio* arna éisiúint i gcoinne na cuideachta inchánach, agus na forais phearsanta amháin, amhail na sáruithe ar chearta bunúsacha a d’fheadfadh a dhéanamh i gcomhthéacs an nós imeachta chánach *ex officio* i ndáil leis na stiúrthóiri sin?’

Na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

An chéad cheist

21 De réir chásdlí socair na Cúirte Breithiúnais, in imeachtaí maidir le comhar idir cúirteanna náisiúnta agus an Chúirt, arna leagan amach in Airteagal 267 CFAE, is faoin gCúirt atá sé freagra a thabhairt don chúirt náisiúnta a bheidh úsáideach di agus lena gcuirfear ar a cumas cinneadh a dhéanamh sa chás atá os a comhair. Chuige sin, is féidir leis an gCúirt Bhreithiúnais, i gcás inarb iomchuí, na ceisteanna arna gcur faoina bráid a chur i bhfocail eile (féach, chuige sin, breithiúnais an 28 Samhain 2000, *Roquette Frères*, C-88/99, EU:C:2000:652, mír 18, agus an 18 Nollaig 2025, *SACD agus páirtithe eile*, C-182/24, EU:C:2025:979, mír 44 agus an cásdlí dá dtagraítear).

22 Sa chás seo, is léir ón iarraidh ar réamhrialú go ndéanann an t-iarratasóir agóid, os comhair na cúirte a rinne an tarchur, i gcoinne an chinnidh maidir le glao ráthaíochta, agus é ag brath ar phléadálacha lena líomhnaítear neamhrialtacht an mheasúnaithe CBL arna fhógairt don chuideachta inchánach sin a bhfuil sé faoi dhliteanas CBL ina leith.

23 Dá bhrí sin, ní mór a mheas, lena céad cheist, go bhfiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 47 agus an chéad abairt d'Airteagal 51(1) den Chairt le léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm ag na ceanglais a eascraíonn as an gceart chun leighis éifeachtaigh, a chumhdaítear in Airteagal 47, i gcomhthéacs imeachtaí breithiúnacha arna dtionscnamh ag stiúrthóir cuideachta ar glaodh ráthaíocht ina leith, i gcoinne cinneadh glao ráthaíochta a glacadh de bhun reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear go bhfuil sé faoi dhliteanas comhpháirteach agus leithleach maidir le híocaíocht CBL atá dlite ag an gcuideachta sin, i gcás inar mhainnigh sé go lochtach a oibleagáidí dlíthiúla i ndáil le CBL a chomhlíonadh.

24 Sa chéad áit, ba cheart a mheabhrú go sainítear raon feidhme na Cairte sa chéad abairt d'Airteagal 51(1) di, ar dá réir, a mhéid a bhaineann le gníomhaíocht na mBallstát, nach ndírítear forálacha na Cairte chuig na Ballstáit ach amháin nuair a bhíonn dlí an Aontais á chur chun feidhme acu. Tá na cearta bunúsacha a ráthaítear i ndlíchóras an Aontais infheidhme i ngach cás a rialaítear le dlí an Aontais, ach ní lasmuigh de na cásanna sin (breithiúnais an 26 Feabhra 2013, *Åkerberg Fransson*, C-617/10, EU:C:2013:105, mír 19, agus an 29 Iúil 2024, *protectus*, C-185/23, EU:C:2024:657, míreanna 40 agus 41).

25 Leis an gcoincheap 'dlí an Aontais a chur chun feidhme', de réir bhrí na forála sin, glactar leis go bhfuil nascfhachtóir ann idir gníomh de dhlí an Aontais agus an beart náisiúnta atá i gceist a théann níos faide ná na hábhair a chumhdaítear a bhfuil dlúthbhaint acu le chéile nó ceann de na hábhair sin a bhfuil tionchar indíreach aige ar an gceann eile (féach, chuige sin, breithiúnais an 6 Márta 2014, *Siragusa*, C-206/13, EU:C:2014:126, mír 24, agus an 12 Meán Fómhair 2024, *Syndyk Masy Upadłości A*, C-709/22, EU:C:2024:741 mír 62).

26 Chun a chinneadh an dtagann beart náisiúnta faoi 'chur chun feidhme dhlí an Aontais' den sórt sin, is gá a fháil amach, i measc tosca eile, an bhfuil sé beartaithe leis an reachtaíocht náisiúnta atá i gceist sna príomhimeachtaí foráil de dhlí an Aontais a chur chun feidhme, cineál na reachtaíochta sin agus an saothraíonn sí cuspóirí seachas na cuspóirí a chumhdaítear le dlí an Aontais, fiú má d'fhéadfadh sí difear indíreach a dhéanamh do dhlí an Aontais, agus an bhfuil rialacha sonracha de dhlí an Aontais ann maidir leis an ábhar nó na rialacha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dó (breithiúnais an 8 Samhain 2012, *Iida*, C-40/11, EU:C:2012:691, mír 79, agus an 10 Iúil 2025, *DADA Music agus UPFR*, C-37/24, EU:C:2025:551, mír 50).

27 I ndáil leis sin, leanann sé, go háirithe, ó Airteagail 2 agus 273 de Threoir 2006/112, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 4(3) CAE agus Airteagal 325(1) CFAE, go bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit gach beart reachtach agus riaracháin is iomchuí a dhéanamh chun bailiú an CBL uile atá dlite ar a gcríocha faoi seach a áirithiú agus chun calaois a chosc (féach, chuige sin, breithiúnais an 13 Deireadh Fómhair 2022, *Direktor na Direktsia 'Obzhalvane i danachno-osiguritelna praktika'*, C-1/21, EU:C:2022:788, mír 60 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 3 Aibreán 2025, *Cityland*, C-164/24, EU:C:2025:241, mír 34).

28 I ndáil le sin, faoi Airteagal 2(1)(b) de Chinneadh 2014/335/AE, Euratom ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh (IO 2014 L 168, lch. 105), is éard a bheidh in acmhainní dílse an Aontais, *inter alia*, ioncam a fhabhraíonn ó ráta aonfhoirmeach a chur i bhfeidhm ar na boinn chomhchuibhithe measúnaithe CBL arna gcinneadh i gcomhréir le rialacha an Aontais. Dá bhrí sin, tá nasc díreach idir bailiú ioncaim CBL i gcomhréir le dlí an Aontais is infheidhme agus na hacmhainní comhfhreagracha CBL a chur ar fáil do bhuiséad an Aontais, ós rud é go bhféadfadh aon bhearna i mbailiú an ioncaim sin a bheith

ina cúis le laghdú ar an méid sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 26 Feabhra 2013, *Åkerberg Fransson*, C-617/10, EU:C:2013:105, mír 26, agus an 13 Deireadh Fómhair 2022, *Direktor na Direktsia 'Obzhalvane i danachno-osiguritelna praktika'*, C-1/21, EU:C:2022:788, mír 58).

29 Sa chás seo, is cosúil go bhfuil nasc idir an sásra glao ráthaíochta atá i gceist agus mainneachtain oibleagáidí dlíthiúla maidir le CBL a chomhlíonadh. Ceadaítear leis don údarás cánach náisiúnta an CBL atá dlite ag duine dlítheanach inchánach a aisghabháil ó na stiúrthóirí bainistíochta, bainisteoirí agus aon stiúrthóir *de jure* nó *de facto* a bhíonn páirteach i mbainistíocht laethúil an duine dhlítheanaigh sin. I ndáil leis sin, foráiltear leis an dara habairt d'Airteagal 67-3(1) den Dlí maidir le CBL, 'go dtugtar an ceart don riarachán an [CBL] atá dlite ag na daoine atá faoi dhliteanas maidir le híocaíocht [CBL] a aisghabháil ó na daoine sin'.

30 Ní mór a thabhairt faoi deara go bhfuil sásra den sórt sin beartaithe chun aisghabháil CBL nár íoc duine dlítheanach inchánach a áirithiú agus go rannchuidíonn sé le comhlíonadh na hoibleagáide, dá dtagraítear i mír 27 den bhreithiúnas seo, atá ar gach Ballstát gach beart reachtach agus riaracháin iomchuí a dhéanamh chun bailiú an CBL go léir atá dlite ar a chríoch a áirithiú agus chun calaois a chomhrac, i gcomhréir, *inter alia*, le hAirteagal 325(1) CFAE agus le hAirteagal 273 de Threoir 2006/112.

31 I bhfianaise an chásdlí dá dtagraítear i míreanna 27 agus 28 den bhreithiúnas seo, ní mór a mheas go dtagann an sásra sin faoi chur chun feidhme, go háirithe, Airteagal 273 de Threoir 2006/112 agus, dá bhrí sin, go gcuireann Ard-Diúcacht Lucsamburg dlí an Aontais chun feidhme, de réir bhrí Airteagal 51(1) den Chairt, tríd an sásra sin a bhunú agus a chur i bhfeidhm.

32 Ní chuirtear an chonclúid sin as a riocht le hargóint Rialtas Lucsamburg, a mhaíonn, d'fhonn a shéanadh go bhfuil an Chairt infheidhme sna príomhimeachtaí, nach é cuspóir an tsásra glao ráthaíochta atá i gceist ná bailiú an CBL uile atá dlite ag an gcuideachta inchánach a áirithiú, ach cúiteamh a dhéanamh as an díobháil a d'fhulaing an riarachán cánach náisiúnta de dheasca iompar lochtach is inchurtha i leith stiúrthóir na cuideachta sin.

33 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i mír 45 dá Tuairim, ní mór a mheas go rannchuidíonn aon bheart náisiúnta lena rannchuidítear le CBL nár íocadh a aisghabháil, go hiomlán nó go páirteach, nach n-íocann duine inchánach, cibé acu ón duine sin nó ó thríú páirtí, le bailiú ceart CBL a áirithiú agus, i gcás inarb iomchuí, le calaois a chomhrac. Maidir leis an bhfíoras, a líomhnaíonn Rialtas Lucsamburg, go dtugtar isteach le beart den sórt sin cás sonrach dliteanais shibhialta agus nach dtagann sé, faoin dlí náisiúnta, faoi chóras pionós cánach, níl sé ábhartha ina leith sin.

34 Dá bhrí sin, chinn an Chúirt cheana féin, i gcomhthéacs fíorasach agus dlíthiúil atá cosúil le comhthéacs an cháis sna príomhimeachtaí, go rannchuidíonn sásra dliteanais chomhpháirtigh agus leithligh lena bhforáiltear, ar an gcéad dul síos, go mbeidh stiúrthóir cuideachta faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach i leith a fiacha CBL go léir nó cuid díobh, gan beann ar na hidirbhearta inchánach lena mbaineann, agus, ar an dara dul síos, go bhfuil an dliteanas sin teoranta do mhéid an chaillteanais sócmhainní a d'fhulaing an chuideachta sin mar thoradh ar ghníomhartha a rinne an duine a ainmníodh mar dhuine atá faoi dhliteanas i gcomhpháirt agus go leithleach de mheon mímhacánta, le haisghabháil mhéideanna CBL nár íoc duine dlítheanach inchánach laistigh de na teorainneacha ama éigeantacha a leagtar síos i dTreoir 2006/112, agus mar thoradh air sin go rannchuidíonn sé le bailiú ceart CBL a áirithiú agus, i gcás inarb iomchuí,

le calaois a chosc, de réir bhrí Airteagal 273 den Treoir sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 13 Deireadh Fómhair 2022, *Direktor na Direktsia 'Obzhalvane i danachno-osiguritelna praktika'*, C-1/21, EU:C:2022:788, míreanna 52, 53, 61, 66 agus 70).

35 Ina theannta sin, mar a d'aithin Rialtas Lucsamburg ag an éisteacht, ní féidir an damáiste a d'fhéadfadh a bheith ina ábhar cúitimh faoin sásra um ghlao ráthaíochta atá i gceist a dhealú ón méid CBL nár íoc an duine dlítheanach inchánach.

36 Sa dara háit, is léir ó chásdlí na Cúirte go nglactar leis, le haitheantas a thabhairt, i gcás ar leith, don cheart chun leigheas éifeachtach a fháil dá bhforáiltear le hAirteagal 47 den Chairt, go bhfuil an duine atá ag brath air ag brath ar chearta nó ar shaoirsí a ráthaítear le dlí an Aontais nó go bhfuil an duine sin faoi réir imeachtaí arb ionann iad agus cur chun feidhme dhlí an Aontais, de réir bhrí Airteagal 51(1) den Chairt (féach, chuige sin, breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2020, *État luxembourgeois (Ceart chun leigheas dlí i gcoinne iarraidh ar fhaisnéis i gcúrsaí cánach)*, C-245/19 agus C-246/19, EU:C:2020:795, mír 55, agus an 25 Feabhra 2025, *Sąd Rejonowy w Białymstoku agus Adoreikė*, C-146/23 agus C-374/23, EU:C:2025:109, mír 41).

37 Is amhlaidh atá, sa chás deireanach sin, a chomhfhreagraíonn do chás na n-imeachtaí seo, i gcás ina ndéanann duine agóid i gcoinne cinneadh riaracháin, i gcomhthéacs imeachtaí breithiúnacha, a dhéanann dochar dó arna ghlacadh ar bhonn foráil náisiúnta lena gcuirtear dlí an Aontais chun feidhme, de réir bhrí Airteagal 51(1) den Chairt (féach, chuige sin, breithiúnais an 16 Bealtaine 2017, *Berlioz Investment Fund*, C-682/15, EU:C:2017:373, mír 50, agus an 16 Deireadh Fómhair 2019, *Glencore Agriculture Hungary*, C-189/18, EU:C:2019:861, mír 59).

38 Sa chás seo, thionscain an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí imeachtaí breithiúnacha i gcoinne an chinnidh glao ráthaíochta a glacadh ar bhonn an tsásra glao ráthaíochta atá i gceist, ar sásra é a bhaineann, mar a chinntear i mír 31 den bhreithiúnas seo, le cur chun feidhme dhlí an Aontais de réir bhrí Airteagal 51(1) den Chairt. Dá réir sin, sna himthosca sin, tá feidhm ag na ceanglais a eascraíonn as Airteagal 47 den Chairt.

39 Ina theannta sin, is iomchuí a mheabhrú nach mbaineann an chéad cheist ón gcúirt a rinne an tarchur leis an gceist an bhfuil an nós imeachta glao ráthaíochta a tionscnaíodh i gcoinne an iarratasóra sna príomhimeachtaí faoi réir na gceanglas a eascraíonn as an gceart chun leigheas éifeachtach a fháil, mar a chumhdaítear in Airteagal 47 den Chairt, ach leis an gceist an bhfuil feidhm ag na ceanglais sin i gcomhthéacs imeachtaí breithiúnacha a thionscain an t-iarratasóir sna príomhimeachtaí i gcoinne cinneadh glao ráthaíochta.

40 I bhfianaise an mhéid sin roimhe seo, is é an freagra ar an gcéad cheist ná go bhfuil Airteagal 47 agus an chéad abairt d'Airteagal 51(1) den Chairt le léiriú sa chaoi go bhfuil feidhm ag na ceanglais a eascraíonn as an gceart chun leigheas éifeachtach a fháil, a chumhdaítear le hAirteagal 47 den Chairt, i gcomhthéacs imeachtaí breithiúnacha arna dtionscnamh ag stiúrthóir cuideachta ar glaodh ráthaíocht ina leith, i gcoinne cinneadh glao ráthaíochta a glacadh de bhun reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear go bhfuil sé, i gcás inar mhainnigh sé go lochtach a oibleagáidí dlíthiúla i ndáil le CBL a chomhlíonadh, faoi dhliteanas comhpháirteach agus leithleach maidir le híocaíocht CBL atá dlite ag an gcuideachta arna stiúradh aige, i gcomhréir le forálacha Threoir 2006/112.

An dara agus an tríú ceist

41 Lena dara agus tríú ceist, ar cheart iad a scrúdú le chéile, fiafraíonn an chúirt a rinne an tarchur, go bunúsach, an bhfuil Airteagal 47 den Chairt le léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta nach gceadaítear do stiúrthóir cuideachta, ar glaodh ráthaíocht ina leith chun fiach CBL nár íoc an chuideachta sin, atá faoi réir na cánach sin, a íoc, agóid a dhéanamh, go teagmhasach, i gcoinne an mheasúnaithe CBL arna fhógairt don chuideachta sin roimhe sin agus atá críochnaitheach anois, i gcomhthéacs a achomhairc i gcoinne an chinnidh glao ráthaíochta. Más freagra dearfach a thabharfar ar an gceist sin, tá an chúirt sin ag fiosrú, mar aon leis sin, na bhforas ar féidir leis an duine sin brath orthu, mar thaca lena achomharc, chun agóid a dhéanamh go teagmhasach i gcoinne an mheasúnaithe CBL sin, go háirithe maidir le bonn measúnaithe agus méid an CBL nár íocadh a bhfuil an duine sin á chur faoi dhliteanas ina leith, chomh maith le haon sárú féideartha ar chearta bunúsacha an duine sin a tharla le linn an nós imeachta measúnaithe.

42 I ndáil leis sin, ba cheart a mheabhrú, faoin gceart chun leigheas éifeachtach a fháil, a chumhdaítear in Airteagal 47 den Chairt, nach mór do shealbhóir an chirt sin a bheith in ann rochtain a fháil ar chúirt a bhfuil dlínse aici chun a áirithiú go n-urramófar na cearta a ráthaítear dó le dlí an Aontais agus, chuige sin, scrúdú a dhéanamh ar na ceisteanna dlí agus fíorais uile atá ábhartha chun an díospóid atá os a comhair a réiteach (féach, chuige sin, breithiúnais an 6 Deireadh Fómhair 2020, *État luxembourgeois (An ceart caingean a thabhairt i gcoinne iarraidh ar fhaisnéis i gcúrsaí cánach)*, C-245/19 agus C-246/19, EU:C:2020:795, mír 66 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 18 Nollaig 2025, *SACD agus páirtithe eile*, C-182/24, EU:C:2025:979, mír 73).

43 Ba cheart a mheabhrú freisin go gciallaíonn urraim do chearta na cosanta a ráthaítear in Airteagal 47 den Chairt nach mór don iarratasóir a bheith in ann rochtain a bheith aige ní hamháin ar fhorais an chinnidh a rinneadh ina leith, ach freisin ar an ábhar go léir sa chomhad ar a raibh an t-údarás ag brath, chun bheith in ann seasamh a ghlacadh go héifeachtach maidir leis an ábhar sin (breithiúnas an 25 Aibreán 2024, *NW agus PQ* (*Faisnéis rúnaicmithe*), C-420/22 agus C-528/22, EU:C:2024:344, mír 92 agus an cásdlí dá dtagraítear).

44 Sa chás seo, maidir leis an sásra glao ráthaíochta atá i gceist, is léir ón gcomhad atá ag an gCúirt go bhfuil dliteanas cánach an duine ar glaodh ráthaíocht ina leith faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas: locht a bheith déanta ag an duine sin, díobháil a bheith ann agus nasc cúisíoch idir an locht sin agus an díobháil sin. Síneann an dliteanas sin chuig an díobháil arb ionann í agus méid an fhéich CBL nár íocadh, mar a socraíodh sa mheasúnú CBL arna fhógairt don chuideachta inchánach agus a tháinig, idir an dá linn, chun bheith críochnaitheach. Mar sin féin, ní thugann an reachtaíocht náisiúnta is infheidhme aon leigheas dlí pearsanta don duine ar glaodh ráthaíocht ina leith i gcoinne an mheasúnaithe CBL sin agus cuireann nádúr críochnaitheach an mheasúnaithe sin bac ar an duine sin agóid a dhéanamh, go teagmhasach, i gcoinne, go háirithe, bonn measúnaithe CBL agus méid an fhéich cánach atá ar an gcuideachta inchánach a bhfuil sé faoi dhliteanas comhpháirteach agus leithleach ina leith, i gcomhthéacs a achomhairc i gcoinne an chinnidh glao ráthaíochta.

45 I ndáil leis sin agus aird á tabhairt ar nádúr riaracháin an chinnidh glao ráthaíochta, is iomchuí a mheabhrú, ina theannta sin, go gcaithfear urraim do chearta an chosanta a áirithiú, ní hamháin i gcás imeachtaí breithiúnacha féideartha de bhun Airteagal 47 den Chairt, ach freisin le linn an nós imeachta riaracháin a tháinig roimh ghlacadh an chinnidh sin, de bhun phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais. Tá feidhm ag an bprionsabal sin a luaithe a bheartaíonn an t-údarás gníomh a ghlacadh i leith duine a dhéanfaidh dochar don duine sin. De réir an chirt chun éisteachta, atá ina

ghné dhílis de chearta na cosanta, ní mór deis a thabhairt do sheolaí cinnidh a dhéanann difear suntasach dá leasanna a thuairim a chur in iúl go húsáideach agus go héifeachtach maidir leis an bhfaisnéis ar a bhfuil sé beartaithe ag an riarachán brath. Tá an oibleagáid sin ar údaráis na mBallstát nuair a ghlacann siad bearta a thagann faoi raon feidhme dhlí an Aontais, fiú mura bhforáiltear go sainráite sa reachtaíocht infheidhme de chuid an Aontais d'fhoirmiúlacht den sórt sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 16 Deireadh Fómhair 2019, *Glencore Agriculture Hungary*, C-189/18, EU:C:2019:861, mír 39 agus an cásdlí dá dtagraítear; an 27 Feabhra 2025, *Adjak*, C-277/24, EU:C:2025:130, mír 51, agus an 6 Márta 2025, *Obshtina Veliko Tarnovo agus Obshtina Belovo*, C-471/23 agus C-477/23, EU:C:2025:155, mír 74 agus an cásdlí dá dtagraítear).

46 Is é cuspóir na rialach nach mór seolaí cinnidh dhíobhálaigh a chur in ann a bharúlacha a thíolacadh sula nglacfar an cinneadh sin a áirithiú go mbeidh an t-údarás inniúil in ann an fhaisnéis ábhartha uile a chur san áireamh go héifeachtach. Chun a áirithiú go ndéanfar an duine lena mbaineann a chosaint i ndairíre, tá sé mar aidhm ag an riail sin, *inter alia*, a chur ar chumas an duine sin earráid a cheartú nó cibé faisnéis a bhaineann lena imthosca pearsanta a chur isteach a dhéanfaidh argóint i bhfabhar an chinnidh, i bhfabhar ghlacadh nó neamhghlacadh an chinnidh, nó i bhfabhar ábhar sonrach a bheith ann (féach, chuige sin, breithiúnais an 16 Deireadh Fómhair 2019, *Glencore Agriculture Hungary*, C-189/18, EU:C:2019:861, mír 41 agus an cásdlí dá dtagraítear; an 4 Meitheamh 2020, *C.F. (Iniúchadh cánach)*, C-430/19, EU:C:2020:429, mír 30, agus an 13 Meitheamh 2024, *C (Riarthóirí agus leachtaitheoirí arna gceapadh ag an gCúirt)*, C-696/22, EU:C:2024:499, mír 108 agus an cásdlí dá dtagraítear).

47 Mar sin féin, ní prionsabal absalóideach é an prionsabal maidir le cearta na cosanta a urramú ach féadfar é a shrianadh, ar choinníoll go gcomhfhreagraíonn na srianta do chuspóir nó cuspóirí leas an phobail a shaothraítear leis an mbeart atá i gceist agus nach ionann iad, i bhfianaise na haidhme atá á saothrú, agus cur isteach díréireach (féach, chuige sin, breithiúnais an 16 Deireadh Fómhair 2019, *Glencore Agriculture Hungary*, C-189/18, EU:C:2019:861, mír 43 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 27 Feabhra 2025, *Adjak*, C-277/24, EU:C:2025:130, mír 53).

48 Dá bhrí sin, chinn an Chúirt cheana féin, mar riail ghinearálta, nach gcuirtear cosc le hurramú chearta na cosanta, in imeachtaí cánach arna dtionscnamh i gcoinne duine inchánach, ar údarás cánach a bheith faoi cheangal ag cinntí fíorais agus aicmithe dlíthiúla a rinne sé i gcomhthéacs imeachtaí riaracháin gaolmhara arna dtionscnamh i gcoinne tríú páirtithe, nach raibh an duine inchánach sin ina pháirtí iontu (féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Deireadh Fómhair 2019, *Glencore Agriculture Hungary*, C-189/18, EU:C:2019:861, mír 46).

49 Chun críocha cearta na cosanta a urramú i nósanna imeachta riaracháin gaolmhara, ní mór deimhneacht dhlíthiúil a chur san áireamh freisin, ar prionsabal ginearálta de dhlí an Aontais é. Ós rud é go gcuireann críochnaitheacht cinnidh riaracháin le deimhneacht dhlíthiúil, ní cheanglaítear le dlí an Aontais, i bprionsabal, ar chomhlacht cinneadh riaracháin atá tagtha chun bheith críochnaitheach ar an gcaoi sin a athoscailt (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Feabhra 2025, *Adjak*, C-277/24, EU:C:2025:130, mír 55).

50 Ní hamhlaidh atá, áfach, i gcás ina mbaintear, *de facto*, an ceart chun amhras a chaitheamh, ar bhealach úsáideach agus éifeachtach, ar na cinntí fíorais sin agus ar na haicmithe dlíthiúla sin le linn na n-imeachtaí a bhfuil an duine lena mbaineann faoina réir, go hiomlán de. Bhainfeadh díothacht den sórt sin an bonn de shubstaint chearta cosanta an duine sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 16 Deireadh Fómhair 2019, *Glencore Agriculture Hungary*, C-189/18, EU:C:2019:861, míreanna 47 agus 49, agus an 27 Feabhra 2025, *Adjak*, C-277/24, EU:C:2025:130, mír 56).

51 Dá réir sin, d'fhéadfadh reachtaíocht náisiúnta amhail an reachtaíocht lena mbunaítear an sásra glao ráthaíochta atá i gceist dochar a dhéanamh do bhunús chearta cosanta an duine ar glaodh ráthaíocht ina leith, nuair a bhaintear go hiomlán uaidh an ceart chun na cinntí fíorais agus na haicmithe dlíthiúla atá sa mheasúnú CBL, a tháinig chun bheith críochnaitheach, a chonspóid ar bhealach úsáideach agus éifeachtach. Is ionann an measúnú CBL a glacadh i gcomhthéacs nós imeachta riaracháin gaolmhar agus, chun críocha an nós imeachta glao ráthaíochta, gné fianaise atá ceaptha chun coinníollacha a dhliteanais chomhpháirtigh agus leithligh a bhunú, ar gá go mbeadh an duine ar glaodh ráthaíocht ina leith in ann é a chonspóid.

52 I ndáil leis sin, chinn an Chúirt cheana féin nach n-éilíonn urraim do chearta an chosanta i gcomhthéacs nós imeachta glao ráthaíochta go mbeadh an duine ar glaodh ráthaíocht ina leith bainteach, ar bhonn pearsanta, leis an nós imeachta measúnaithe a dhéantar i gcoinne an duine dhlítheanaigh a bhfuil sé faoi dhliteanas comhpháirteach ina leith as an bhfiach cánach (féach, chuige sin, breithiúnas an 27 Feabhra 2025, *Adjak*, C-277/24, EU:C:2025:130, míreanna 61, 62 agus 64).

53 Ar an gcaoi chéanna, ní gá go gciallaíonn an ceart chun leigheas éifeachtach a fháil, a chumhdaítear in Airteagal 47 den Chairt, nach mór leigheas dlí díreach a bheith ar fáil don duine lena mbaineann arb é is príomhchuspóir dó agóid a dhéanamh i gcoinne beart ar leith, ach amháin nach mór a aithint go bhfuil sé de cheart ag an duine lena mbaineann agóid a dhéanamh os comhair na gcúirteanna i gcoinne gníomh a dhéanann dochar dó a d'fhéadfadh an bonn a bhaint de na cearta agus na saoirsí a ráthaítear le dlí an Aontais, ar choinníoll, áfach, go bhfuil leigheas dlí nó leigheasanna dlí ann freisin lena gcuirtear ar a chumas athbhreithniú breithiúnach a fháil, go hindíreach, ar an mbeart sin lena n-áirithítear urraim do na cearta agus na saoirsí sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 8 Aibreán 2025, *Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (Athbhreithniú breithiúnach ar ghníomhartha nós imeachta)*, C-292/23, EU:C:2025:255, mír 79 agus an cásdlí dá dtagraítear). Ní mór don chúirt ar tugadh díospóid os a comhair a dheimhniú di féin go bhfágann leigheasanna den sórt sin dá bhforáiltear leis an dlí náisiúnta gur féidir cosaint bhreithiúnach éifeachtach na gceart a thugtar don duine lena mbaineann le dlí an Aontais a ráthú (féach, chuige sin, breithiúnas an 14 Meán Fómhair 2017, *The Trustees of the BT Pension Scheme*, C-628/15, EU:C:2017:687, mír 60).

54 Ceanglaítear le héifeachtacht an athbhreithnithe bhreithiúnaigh a ráthaítear le hAirteagal 47 den Chairt nach mór don chúirt a dhéanann athbhreithniú ar dhlíthiúlacht cinnidh riaracháin arna ghlacadh i gcomhthéacs nós imeachta arb ionann é agus dlí an Aontais a chur chun feidhme a bheith in ann, *inter alia*, dlíthiúlacht, go háirithe i bhfianaise na Cairte agus phrionsabail ghinearálta dhlí an Aontais, bailiú agus úsáid fianaise arna bailiú le linn nósanna imeachta riaracháin gaolmhara arna dtionscnamh i gcoinne tríú páirtithe a fhíorú, ar choinníoll go bhfuil an fhianaise sin úsáideach chun an duine lena mbaineann a chosaint (féach, chuige sin, breithiúnas an 16 Deireadh Fómhair 2019, *Glencore Agriculture Hungary*, C-189/18, EU:C:2019:861, míreanna 57 agus 63).

55 Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta faoi deara, go bunúsach, i mír 73 dá Tuairim, éilíonn na ceanglais a eascraíonn as Airteagal 47 den Chairt go mbeadh an chúirt a bhfuil díospóid faoi dhlíthiúlacht cinnidh glao ráthaíochta déanta de bhun reachtaíocht náisiúnta mar an sásra glao ráthaíochta atá i gceist os a comhair in ann, i gcomhthéacs athbhreithniú teagmhasach, na cinntí fíorais uile agus na haicmithe dlíthiúla uile ar a bhfuil an cinneadh sin bunaithe a fhíorú, a mhéid atá siad cinntitheach maidir le toradh an achomhairc. Tá feidhm ar leith ag an méid sin, sa chás seo, maidir leis na cinntí fíorais uile agus na haicmithe dlíthiúla uile atá sa mheasúnú CBL ar a

bhfuil an t-údarás inniúil ag brath chun freagracht chomhpháirteach agus leithleach an stiúrthóra a bhunú, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le bonn agus méid an CBL nár íocadh a bhfuil sé á chur faoi dhliteanas ina leith.

56 Murab ionann agus a mhaíonn Rialtas Lucsamburg, ní féidir an fhéidearthacht atá ag an duine ar glaodh ráthaíocht ina leith argóint a dhéanamh, go teagmhasach, i gcoinne an mheasúnaithe CBL a chonspóid ar bhonn Airteagal 47 den Chairt a bheith ag brath ar an gceist an raibh an stiúrthóir, de bharr raon a shainordaithe, in ann, le linn an nós imeachta measúnaithe a tionscnaíodh i gcoinne na cuideachta inchánach nó tar éis ghlacadh an mheasúnaithe CBL, dlíthiúlacht an mheasúnaithe sin a chonspóid go héifeachtach, laistigh den tréimhse achomhairc a bhí i bhfeidhm, thar ceann na cuideachta sin.

57 Tá carachtar suibiachtúil ag cearta na cosanta, ionas go gcaithfidh na páirtithe lena mbaineann féin a bheith in ann iad a fheidhmiú go héifeachtach, beag beann ar nádúr an nós imeachta atá i gceist. Mar a thug an tAbhcóide Ginearálta le fios, go bunúsach, i míreanna 76, 77 agus 79 dá Tuairim, ní mór do dhuine ar glaodh ráthaíocht ina leith a bheith in ann, ar bhonn pearsanta, ina cháil mar dhuine ar glaodh ráthaíocht ina leith, i gcomhthéacs imeachtaí breithiúnacha i gcoinne an chinnidh glao ráthaíochta, na cinntí fíorais agus na haicmithe dlíthiúla atá sa mheasúnú CBL ar a bhfuil an t-údarás inniúil ag brath chun a dhliteanas comhpháirteach agus leithleach a bhunú a chonspóid. I gcás den sórt sin, ní féidir a chur as an áireamh go bhfuil leasanna difriúla ag an duine dlítheanach agus ag an duine nádúrtha a bhfuil an chumhacht aige ceangal a dhéanamh air nó ionadaíocht a dhéanamh air (féach, chuige sin, breithiúnas an 9 Meán Fómhair 2021, *Adler Real Estate agus páirtithe eile*, C-546/18, EU:C:2021:711, míreanna 58 go 60, agus, de réir analaí, breithiúnas an 10 Samhain 2022, *DELTA STROY 2003*, C-203/21, EU:C:2022:865, mír 63).

58 Tá an bhreithniú sin níos láidre fós ós rud é, mar a d'áitigh an Coimisiún Eorpach ina bharúlacha scríofa agus le linn na héisteachta, go bhféadfadh an cumas, sa chleachtas, atá ag an stiúrthóir a ghlaoitear ina dhiaidh sin faoi chóras glao ráthaíochta i leith fhiach CBL nár íoc an chuideachta inchánach, agóid a dhéanamh i gcoinne an mheasúnaithe CBL arna fhógairt don chuideachta sin roimhe sin, a bheith ag brath ar iliomad imthosca fíorasacha agus dlíthiúla a bhaineann, *inter alia*, le héagsúlacht na bhfoirmeacha cuideachta agus na bpróiseas cinnteoireachta atá acu sna Ballstáit éagsúla. I roinnt cásanna, d'fhéadfadh sé, dá bhrí sin, a bheith dodhéanta a fhíorú an raibh, maidir le measúnú CBL áirithe, an stiúrthóir a fuair an measúnú sin in ann, leis féin, an fhéidearthacht iarbhír a bheith aige dlíthiúlacht an mheasúnaithe sin a chonspóid go héifeachtach thar ceann na cuideachta sin.

59 Ina theannta sin, maidir le hargóint Rialtas Lucsamburg ar dá réir, dá n-aithneofaí go mbeadh an duine ar glaodh ráthaíocht ina leith in ann argóint a dhéanamh, go teagmhasach, i gcoinne an mheasúnaithe CBL, gurb ionann an méid sin agus neamhaird a thabhairt ar chineál críochnaitheach an mheasúnaithe sin agus deis eile chun argóint a dhéanamh a thabhairt don duine sin, is gá a thabhairt faoi deara, ar dtús, nach bhfuil aon tionchar ag aithint na féidearthachta sin ar éifeacht cheangailteach an mheasúnaithe CBL arna fhógairt don chuideachta sin roimhe sin. Ina theannta sin, ní féidir a thuiscint, ón bhfíoras amháin go bhféadfadh córas dliteanais chomhpháirtigh agus leithligh, amhail an sásra glao ráthaíochta atá i gceist, cur, más gá ar bhealach thar a bheith éifeachtach, le fiacha CBL nár íocadh a bhailiú, go mbaintear feidhmiú éifeachtach a chearta cosanta go hiomlán den duine ar glaodh ráthaíocht ina leith.

60 Ar deireadh, mar a thagann sé chun solais i mír 55 den bhreithiúnas seo, tá an ceart atá ag stiúrthóir na cuideachta ar glaodh ráthaíocht ina leith argóint a dhéanamh, go teagmhasach, i gcoinne na gcinntí fíorais agus na haicmithe dlíthiúla atá sa mheasúnú CBL teoranta do na forais atá riachtanach chun a chumasú don stiúrthóir lena mbaineann freasúra éifeachtach a dhéanamh i gcoinne a dhliteanais chomhpháirtigh agus leithligh.

61 Ar aon nós, éilítear le hurraim do chearta na cosanta, a ráthaítear in Airteagal 47 den Chairt, go bhféadfaidh duine ar glaodh ráthaíocht ina leith brath, go teagmhasach, ar aon sáruithe ar a chearta bunúsacha a tharla le linn an nós imeachta measúnaithe a rinneadh i leith na cuideachta inchánach, i gcomhthéacs imeachtaí breithiúnacha i gcoinne an chinnidh glao ráthaíochta.

62 Ina theannta sin, maidir le hargóint Rialtas Lucsamburg go gcaithfí cearta cosanta an duine ar glaodh ráthaíocht ina leith a theorannú chun cosanta rúndachta, rúin ghairmiúil a bhfuil na húdaráis chánach faoi cheangal leo agus rúndacht gnó a áirithiú, is gá a mheabhrú go n-éilítear le hurraim do chearta na chosanta, a ráthaítear in Airteagal 47 den Chairt, i gcomhthéacs an nós imeachta breithiúnach, go mbeadh rochtain ag an iarratasóir ní hamháin ar na cúiseanna atá leis an gcinneadh a glacadh ina leith, ach freisin ar an gcomhad iomlán ar a bhfuil an t-údarás tar éis brath, chun go mbeidh sé in ann seasamh éifeachtach a ghlacadh maidir leis an bhfaisnéis sin (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Márta 2026, *Deldwyn*, C-477/24, EU:C:2026:182, mír 60 agus an cásdlí dá dtagraítear).

63 Mar sin féin, ní sainchumais absalóideacha iad cearta bunúsacha, agus d'fhéadfadh siad a bheith faoi réir srianta, ar choinníoll go bhfreagraíonn na srianta go héifeachtach do chuspóirí leas an phobail atá á saothrú leis an mbeart atá i gceist agus nach bhfuil baint acu, maidir leis an aidhm atá á saothrú, le cur isteach díréireach agus do-ghlactha, lena ndéantar dochar do shubstaint na gceart arna ráthú. Le srianta den sórt sin, féadfar féachaint, go háirithe, le ceanglais na rúndachta nó na rúndachta gairmiúla a chosaint (féach, chuige sin, breithiúnas an 12 Márta 2026, *Deldwyn*, C-477/24, EU:C:2026:182, míreanna 65 agus 66 agus an cásdlí dá dtagraítear).

64 I gcás coimhlint idir, ar thaobh amháin, leas an duine is ábhar do ghníomh a dhéanann dochar dó rochtain a bheith aige ar an bhfaisnéis is gá chun a chumasú dó a chearta cosanta a fheidhmiú go hiomlán agus, ar an taobh eile, na leasanna a bhaineann le rúndacht nó rúndacht ghairmiúil a choinneáil, is faoi na cúirteanna a bhfuil dlínse acu cothromaíocht a lorg, i bhfianaise imthosca gach cáis, idir na leasanna freasúracha sin (féach, chuige sin, breithiúnais an 13 Meán Fómhair 2018, *UBS Europe agus páirtithe eile*, C-358/16, EU:C:2018:715, mír 69 agus an cásdlí dá dtagraítear, agus an 12 Márta 2026, *Deldwyn*, C-477/24, EU:C:2026:182, mír 67).

65 Sa chás seo, agus na leasanna atá i gceist á gcur i gcothromaíocht, is faoin gcúirt a rinne an tarchur atá sé a chur san áireamh, *inter alia*, go mbaineann an fhaisnéis atá sa mheasúnú CBL arna fhógairt don chuideachta inchánach sin agus a bhfuil a bunús á agóid ag an duine ar glaodh ráthaíocht ina leith le himthosca fíorasacha agus dlíthiúla a raibh sé de chumas ag an duine sin a bheith ar eolas fúthu de bharr na bhfeidhmeanna a bhí á gcomhlíonadh aige laistigh den chuideachta sin le linn na tréimhse cánach lena mbaineann.

66 I bhfianaise na mbreithnithe roimhe seo, is é an freagra ar an dara agus ar an tríú ceist nach mór Airteagal 47 den Chairt a léiriú sa chaoi go gcuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta nach gceadaítear do dhuine ar glaodh ráthaíocht ina leith chun fiach CBL nár íoc an chuideachta sin, atá faoi réir na cánach sin, agóid a dhéanamh, go teagmhasach, i gcomhthéacs a achomhairc i gcoinne an chinnidh glao ráthaíochta, i gcoinne an mheasúnaithe CBL arna fhógairt don chuideachta sin roimhe sin agus atá críochnaitheach anois. Faoin bhforáil sin, ní mór go mbeadh

duine den sórt sin in ann, mar thaca lena achomharc, agóid a dhéanamh i gcoinne na gcinntí fíorais agus na n-aicmithe dlíthiúla ar a raibh an t-údarás inniúil ag brath chun a dhliteanas comhpháirteach agus leithleach a shuí, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le bonn measúnaithe agus méid an CBL nár íocadh a bhfuil an duine sin á chur faoi dhliteanas ina leith, ar choinníoll go bhfuil na forais sin ábhartha dá chosaint, chomh maith le haon sárú féideartha ar chearta bunúsacha an duine sin a tharla le linn an nós imeachta measúnaithe.

Costais

67 Ós rud é, a mhéid a bhaineann sé leis na páirtithe sna príomhimeachtaí, go bhfuil na himeachtaí mar chéim sa chás os comhair na cúirte a rinne an tarchur, baineann ceist na gcostas leis an gcúirt sin. Níl na costais a tabhaíodh trí bharúlacha a chur faoi bhráid na Cúirte Breithiúnais, seachas costais na bpáirtithe sin, inghnóthaithe.

Ar na forais sin, rialaíonn an Chúirt (an Chéad Dlísheomra) mar seo a leanas:

1. **Maidir le hAirteagal 47 agus leis an gcéad abairt d'Airteagal 51(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   tá feidhm ag na ceanglais a eascraíonn as an gceart chun leigheas éifeachtach a fháil, a chumhdaítear le hAirteagal 47, i gcomhthéacs imeachtaí breithiúnacha arna dtionscnamh ag stiúrthóir cuideachta ar glaodh ráthaíocht ina leith, i gcoinne cinneadh glao ráthaíochta a glacadh de bhun reachtaíocht náisiúnta lena bhforáiltear go bhfuil sé, i gcás inar mhainnigh sé go lochtach a oibleagáidí dlíthiúla i ndáil le cáin bhreisluacha (CBL) a chomhlíonadh, faoi dhliteanas comhpháirteach agus leithleach maidir le híocaíocht CBL atá dlite ag an gcuideachta sin, i gcomhréir le forálacha Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcóras coiteann cánach breisluacha.

2. **Maidir le hAirteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha,**

   ní mór léiriú a dhéanamh mar seo a leanas:

   cuirtear cosc leis ar reachtaíocht náisiúnta nach gceadaítear do dhuine ar glaodh ráthaíocht ina leith chun fiach maidir le cáin bhreisluacha (CBL) nár íoc an chuideachta sin, atá faoi réir na cánach sin, agóid a dhéanamh, go teagmhasach, i gcomhthéacs a achomhairc i gcoinne an chinnidh glao ráthaíochta, i gcoinne an mheasúnaithe CBL arna fhógairt don chuideachta sin roimhe sin agus atá críochnaitheach anois. Faoin bhforáil sin, ní mór go mbeadh duine den sórt sin in ann, mar thaca lena achomharc, agóid a dhéanamh i gcoinne na gcinntí fíorais agus na n-aicmithe dlíthiúla ar a raibh an t-údarás inniúil ag brath chun a dhliteanas comhpháirteach agus leithleach a shuí, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le bonn measúnaithe agus méid an CBL nár íocadh a bhfuil an duine sin á chur faoi dhliteanas ina leith, ar choinníoll go bhfuil na forais sin ábhartha dá chosaint, chomh maith le haon sárú féideartha ar chearta bunúsacha an duine sin a tharla le linn an nós imeachta measúnaithe.

Sínithe